



# AER AG AT

le **Jane McLoughlin**, Scoil Shóisir Chaitriona, An Rinn Mhór, Contae na Gaillimhe.



## Réamhrá

Oiriúnach do gach rang. uited  
Nuair a théitear aer an nglacann sé níos mó nó níos lú spáis?

## Cúlra

Cé go mbíonn an chuma ar bhuidéal dí gan aon lucht ann go bhfuil sé folamh, tá sé pléite le t-aer. Nuair a théitear an t-aer sa bhuidéal, beidh ní mó spáis á ghlacadh aige.

Bain triail as an bhfiosrúchán seo agus breathnaigh na torthaí iontacha.

Tá an ghníomhaíocht seo le feiceáil ag

<http://scoilchaitrionajnrmsmcloughlin.blogspot.com/2011/12/pop-top-and-bug-spray.html>

## Ag teastáil

Buidéal plaisteach dí le caipín, uisce fuar



## Modh

- Líon an buidéal le huisce an-fhuar, agus folmhaigh ansin é (*cinntóidh sé seo go mbeidh an t-aer sa bhuidéal an-fhuar*).
- Déan caipín an bhuidéil a fhluchadh agus cuir bun os cionn é ar bharr an bhuidéil.
- Cuir do lámh go héadrom timpeall ar an mbuidéal.
- **NÁ FÁISC AN BUIDÉAL** agus é i do lámh agat.
- Cad a tharlaíonn? (*Léimeann an caipín suas agus síos ar bharr an bhuidéil*)
- Cén fáth (*nuair a chuireann tú do lámh timpeall ar an mbuidéal, téann tú an t-aer laistigh. Leathnaíonn an t-aer nuair a théitear é agus déanann sé iarracht éalú as an mbuidéal. Feidhmíonn an caipín fliuch mar shéala ar dtús agus coinníonn an t-aer istigh, ach de réir a chéile leathnaíonn an t-aer go leor agus brúnn sé an caipín in airde. Mura sleamhnaíonn an caipín nó mura dtiteann sé, agus má choinníonn tú do lámha timpeall ar an mbuidéal, is féidir an caipín a choinneáil ag léim*).

## Gníomhaíochtaí Leantacha

Cuir balún ar bharr bhuidéil bhig. Cuir an buidéal sin i soitheach uisce te agus féach ar an mbalún ag teannadh.